An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2002**

Tugtar an páipéar scrúdaithe seo d'iarrthóirí ar 2 Bealtaine, 2002.

EALAÍN

# DEARADH

ARDLEIBHÉAL

Déardaoin, 9 Bealtaine, Maidin 9.30 – 12.00

**Tá 100 marc ag dul don pháipéar seo**

Léigh na treoracha seo a leanas agus déan iad a chomhlíonadh.

a) Ceadaítear úsáid a bhaint as pé ábhair ealaíne, bunábhair dearaidh agus uirlisí is gá chun an scrúdú a chur i gcrích.

b) Scríobhtar an t-eolas seo a leanas ar gach bileog líníochta.

- D'uimhir scrúdaithe agus an leibhéal atá i gceist.
- Uimhir na Ceiste agus an teideal.

c) Tabharfar clúdach Ealaíne duit ag deireadh an scrúdaithe ina gcuirfidh tú na nithe seo a leanas.

- ❖ Bileog amháin A2 le Sceitsí Ullmhúcháin. Is gá é a bheith sínithe agus dátaithe ag an Múinteoir Ealaíne/bPríomhoide.
- ❖ Bileog amháin A2 le Réamhsceitsí, agus é sin marcáilte.
- ❖ Dearadh Molta Deiridh amháin.

(1) Bileog amháin A2 le Sceitsí Ullmhúcháin — 0 marc.
Taca don chuimhne is ea í seo, obair atá déanta agatsa i gcaitheamh na seachtaine roimh an scrúdú, agus a thugann tú isteach san ionad scrúdaithe mar chúnamh duit. Is gá don Mhúinteoir Ealaíne/Phríomhoide é a shíniú ag dearbhú gur leat féin amháin an obair, gan chúnamh ó aon duine. Is féidir roghnú a bheith anseo de do thuiscintí pearsanta féin agus na smaointe a ndearna tú taighde orthu, bunaithe ar an gceist a roghnaigh tú. Is féidir nótaí a chur leis na sceitsí uile ag léiriú cén chaoi ar fhorbair tú na smaointe don obair dhearaidh. Bíodh do chuid oibre go léir ar thaobh amháin den bhileog.

(2) Bileog amháin A2 le Réamhsceitsí. — 20 marc.
Is gá an bhileog seo a líonadh le linn an scrúdaithe. Ní mór fianaise a bheith inti ar <u>**fhorbairt bhunúsach bhreise**</u> ar na bunsmaointe a bhí agat ar an mbileog ullmhúcháin. Ba chóir go gcuirfí san áireamh gach gné den dearadh 2D nó 3D a bheadh in oiriúint don cheist a roghnaigh tú. **Ní bhronnfar marcanna ar bith ar chóipeáil dhíreach ón mBileog Ullmhúcháin**. Bíodh do chuid oibre go léir ar thaobh amháin den bhileog A2.

(3) <u>An Dearadh Molta Deiridh</u> — 80 marc.
Is é seo an Dearadh Molta Deiridh agat agus <u>cuirtear é i gcrích laistigh den am a bheidh ar fáil</u> ar lá an scrúdaithe.

Iomlán 100 marc.

---

**SLEACHTA TUAIRISCIÚLA INA BHFUIL POINTÍ TOSAITHE**

Bíonn mí na Bealtaine in Ayemenem te, gruama. Bíonn na laethanta fada agus meirbh. Crapann an abhainn agus alpann na préacháin dhubha na mangónna geala sna crainn thostmhara, faoi smúit liathghlas. Aibíonn bananaí dearga. Pléascann thostmhara jeaicthorthaí. Déanann cuileanna gorma leisciúla crónán san aer milis. Ansin, cnagann siad i gcoinne pánaí gloine agus titeann ina bpleist, marbh, buailte faoin ngrian.
Bíonn na hoícheanta glan ach ar maos le leisce agus le tnúthán drogallach.

Ach faoi thús an Mheithimh briseann an monsún aniar-aneas agus leanann trí mhí gaoithe agus uisce, agus tréimhsí gearra gréine a dtapaíonn páistí an deis chun súgradh ina solas glioscarnach. Tagann dath uaine mígheanúil ar an tuath. Tréigeann teorainneacha na bhfearann de réir mar a fhréamhaíonn agus a bhláthaíonn na fálta taipióca. Tagann clúmh liathghlas ar bhallaí brící. Lúbann féithleoga piobair in airde ar chuaillí leictreacha. Réabann beangáin fhiáine trí chlathacha *laterite* agus sileann trasna na mbóithre faoi thuilte. Triallann báid ar na basáir. Agus nochtann mionéisc sna pludaí a líonann na sclaigeanna ar na bóithre móra.

Bhí sé ag cur báistí nuair a d'fhill Rachel ar Ayemenem. Phlab rópaí airgid ar fiar isteach sa chré, á tuargaint mar a dhéanfadh gunnaí móra. Chaith an seanteach ar an gcnoc a dhíon géar, beannach tarraingthe anuas thar a chluasa mar a bheadh hata íseal. Bhí na ballaí, faoi stríocaí caonaigh, éirithe bog agus bhí siad ataithe beagán ag an taise a sceith aníos as an talamh. Bhí an gairdín fiáin lán d'fhuadar agus de shioscadh mionbheatha. Chuimil nathair nimhe í féin ar chloch lonrach san fháschoill. Chrúsáil froganna buí fireannacha an linn chailimhineogach ag cuardach comhrádaithe.
Scinn mongús fliuch báite trasna an chasáin faoi dhuilliúr.

…Bhí taise mhór an mhonsúin in Ayemenem dearmadta aici. Bhí cófraí ataithe ag geonaíl. Phléasc fuinneoga glasáilte ar oscailt. D'éirigh na leabhair bog agus lúbtha faoina gclúdaigh. Nocht mionfheithidí aisteacha ar nós smaointe sna tráthnónta, agus loisc iad fhéin ar bholgáin lagsholais 40 vata. Bhí an t-urlár agus leacacha na bhfuinneog breac lena gcorpáin bhriosca, loiscthe i rith an lae.
Ní raibh aon athrú air mar Bháisteach Mheithimh.

(Arundhati Roy: *The God of Small Things*) le caoinchead Flamingo

*********************************************************************************************

Rud neamhchoitianta is ea cleite. Tá an t-ábhar céanna ann agus atá i scálaí reiptíle agus inár gcuid ingne féin. Iompraíonn cleath ina lár thart ar 100 ribe bídeach. Ar chiumhais gach ribe díobh sin tá thart ar 100 ribe níos lú fós. Sa chleite clúmhach cruthaíonn an struchtúr seo clúmhúlacht a choimeádann an t-aer agus insliú breá dá réir ag baint leis. Sa chleite eitilte crochann na ribí ar a chéile sa tslí go ndéanann dromchla leanúnach díobh, agus a bhfuil neart mór ann dá réir. Is iad an dá bhuntáiste seo ag na cleití is bun leis na tréithe ar fad, nach mór, a dheighleann éanlaith ó ainmhithe eile. Go deimhin is leor an cleite féin ag créatúr chun éan a thabhairt air.

Sa bhliain 1860, i Solnhofen na Gearmáine, aimsíodh imlíne leochaileach cleite iontaise amháin i leac aolchloiche. Tharraing sé aird an domhain mhóir, mar bhain na carraigeacha seo le ré na ndionosár i bhfad sular ceapadh éin a bheith ann.

Cén sórt éin ar bhain an cleite leis? Bliain ina dhiaidh sin, aimsíodh cnámharlach iontaisithe de chréatúr cleiteach a raibh toirt cholúir ann. Thug eolaithe Archaeopteryx air, a chiallaíonn 'cleite ársa'. Bhí sé sínte ar an gcarraig agus a sciatháin ar leathadh agus timpeall air ar gach taobh bhí cló soiléir a chuid cleití. Níorbh ionann é in aon chor agus éan beo ar bith eile. Bhí eireaball fada cnámhach aige agus cleití ag gobadh as an dá thaobh. Bhí crúba faoi chomh maith, ní ar a chosa amháin ach ar na trí mhéar coise dá ghéaga tosaigh cleiteacha. Thángthas ar shampla eile níos déanaí agus a chloigeann air, a léirigh nach raibh gob ar an gcréatúr mar a bheadh ar éan na haimsire seo ach giall agus fiacla ann.

Reiptíl agus éan in éineacht ab ea Archaeopteryx. Bhí an chuma air gur tháinig a chuid cleití chuige ó scálaí a shinsear reiptíleach. Gan dabht thug na cleití insliú maith dó agus bhí sé in ann teocht ard coirp a choinneáil dá réir, rud a bhí an-deacair dá ghaolta gairide, na dionosáir.
Caithfidh sé go raibh Archaeopteryx agus corp breá te aige, in ann gluaiseacht go tapa fiú i bhfionnuaire an lae.

(David Attenborough: *Discovering Life on Earth*) le caoinchead Collins

## Déan dearadh do cheann amháin de na ceardaíochtaí seo a leanas:

**1. LITREOIREACHT AGUS PEANNAIREACHT:**

Dear píosa **peannaireachta** bunaithe ar an bpíosa de na sleachta tuairisciúla a thaitníonn leatsa. Is féidir leat íomhánna agus móitífeanna maisithe, nathanna focal agus litreoireacht a úsáid mar mhaisiú ar do fhreagra.

**NÓ**

Dear **póstaer** d'imeacht shamhailteach bunaithe ar cheann amháin de na sleachta tuairisciúla.

**2. LÍONÓILGHEARRADH AGUS PRIONTÁIL:**

Déan dearadh a bheadh oiriúnach do phrionta líonóile, a bheadh oiriúnach do cheann amháin díobh seo a leanas:

- **mataí boird**
- **cárta cuiridh chuig taispeántas staire nádúrtha**
- **Póstaer taistil.**

Ní mór an dearadh agat a bhunú ar na sleachta tuairisciúla. Ní mór duit trí dhath ar a laghad a úsáid sa dearadh agat.

**3. FABRAICPHRIONTÁIL:**

Déan dearadh d'fhabraic atá le húsáid do cheann amháin de na cuspóirí seo a leanas

- **scáth fearthainne**
- **clúdaigh cuisíní do throscán gairdín**
- **t-léinteacha chun ócáid a fhógairt.**

Ní mór don dearadh agat a bheith oiriúnach do bhlocphriontáil, do scáthphriontáil, mar stionsal nó mar bhaitíc. Bain úsáid as trí dhath ar a laghad agus bíodh forchlónna san áireamh agat sa dearadh.

**4. BRÓIDNÉIREACHT**

Roghnaigh pointe tosaithe as ceann amháin de na sleachta tuairisciúla agus bunaigh dearadh air a oireann do

- **brat balla i gcomhair halla fáilte in óstán**
- **leabharmharc cuimhneacháin don Mhúsaem Staire Náisiúnta**
- **feisteas le haghaidh léiriú drámaíochta.**

Tabhair sonraí dathanna. Úsáid dathanna don obair agus tabhair cuntas gairid ar na greamanna agus ar na teicnící atá le húsáid.

**5. FÍODÓIREACHT:**

Roghnaigh pointe tosaithe ar bith as ceann amháin de na sleachta tuairisciúla agus bunaigh dearadh air do theicstíl fíodóireachta atá oiriúnach

- **d'úsáid bhaile**
- **d'úsáid thionsclaíoch**
- **d'fheidhm mhaisitheach.**

Ní mór duit a lua cén fheidhm díobh sin atá ag do dhearadh. Lig don phointe tosaithe a roghnaigh tú tionchar a bheith aige ar stíl na fíodóireachta, ar éagsúlacht na bpátrún, agus ar theaglamaí an tsnátha agus na ndathanna. Tabhair cuntas gairid, más féidir, ar an teicníc atá le húsáid chun an dearadh a chur i gcrích.

**6. CRIADÓIREACHT:**

Roghnaigh pointe tosaithe ar bith as ceann amháin de na sleachta tuairisciúla agus dear ceann amháin díobh seo a leanas

- **árthach plandála lasmuigh do ghairdín sa bhaile mór**
- **painéal tíle do sheomra folctha**
- **péire gréithe boird agus iad comhlántach**
- **dealbhóireacht cheirmeach i gcomhair taispeántais san ionad áitiúil ealaíon.**

**7.** **PUIPÉADACHT**

Dear puipéad bunaithe ar inspioráid a thagann chugat as na sleachta tuairisciúla.

- **Ní mór duit foinse na hinspioráide a lua.**

Ba chóir go mbeadh an dearadh agat de réir scála agus go dtaispeánfadh sé toisí na gcomhpháirteanna uile. Ba chóir go dtaispeánfadh do dhearadh cén chaoi a ndéanfar an puipéad a thógáil agus tabhair sonraí maidir le hábhair, le modhanna oibre agus le bailchríoch.

**8.** **LEABHARCHEARDAÍOCHT:**

Déan dearadh do chlúdach leabhair le ceann amháin de na teidil seo a leanas bunaithe ar na sleachta tuairisciúla:

- **'Geábha Samhlaíochta'**
- **'Sciathán Ársa'**
- **'Gaoth agus Uisce'**
- **'Oícheanta Leisce agus Tnútháin Dhrogallaigh'.**

Ba chóir go léireodh an dearadh agat bunábhar an tsleachta roghnaithe.

San áireamh sa dearadh críochnaithe agat, ba chóir go mbeadh leagan amach, agus toisí mar aon leis na clúdaigh thosaigh agus chúil agus cnámh droma an leabhair. Ba chóir go mbeadh litreoireacht san áireamh, agus moltar litreoireacht láimhe a úsáid.

**9.** **DEARADH FÓGRAÍOCHTA:**

Dear clúdach iriseáin nó póstaer do **Chomhlacht Taistil** nó do **Shaoire Eachtraíochta Staire Nádúrtha.** Bíodh an dearadh agat bunaithe ar cheann amháin de na sleachta seo a leanas a tógadh as na sleachta tuairisciúla:

- **…'alpann na préacháin dhubha na mangónna geala sna crainn thostmhara, faoi smúit liathghlas'**
- **…'Bhí an gairdín fiáin lán d'fhuadar agus de shioscadh mionbheatha'**
- **'Rud neamhchoitianta is ea cleite'**
- **…'go deimhin is leor an cleite féin ag créatúr chun éan a thabhairt air'.**

San áireamh sa dearadh deiridh agat, bíodh toisí, dath, leagan amach agus teideal. Moltar litreoireacht láimhe phearsanta a úsáid.

**10.** **MÚNLÓIREACHT AGUS SNOÍODÓIREACHT:**

Bunaigh dearadh do phíosa múnlóireachta nó snoíodóireachta **ar cheachtar den dá shliocht thuairisciúla.** Léirigh i do shaothar na toisí agus na hábhair a bhí agat mar aon leis na modhanna chun an dearadh a chur i gcrích, agus an bhailchríoch a chuirfear ar an saothar. Is féidir litreoireacht a chur san áireamh. Ní mór foinse na hinspioráide a lua.

**11.** **SUÍMH STÁITSE:**

Dear suíomh stáitse ar scála cuí do **pageant nó do sheó faisin** bunaithe ar inspioráid as na sleachta tuairisciúla. Bíodh plean san áireamh sa dearadh agat, mar aon leis na toisí uile, na hábhair agus na bailchríocha a mbainfear úsáid astu.

**NÓ**

Dear **suíomh stáitse ceolchoirme** do bhanna ceoil dar teideal **Fíniún Piobair**, **NÓ Tarbhfrog Fireann NÓ Cleití NÓ Archaeopteryx**. Ní mór plean agus na toisí uile a bheith san áireamh sa dearadh agat, mar aon leis na hábhair agus na bailchríocha a mbainfear úsáid astu.